2026/2180

29.9.2026

CINNEADH (AE) 2026/2180 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na Cipire, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Cipire,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(2) den Chonradh, tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa le bheith comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.

(2) An 16 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/1911 ([2]) lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tagtha chun bheith folamh tar éis do Pieris PIERI éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas na Cipire Pavlos KALOSINATOS, arb é *Διευθυντής Ινστιτούτου Εργασίας Κύπρου ΠΕΟ, Μέλος Εκτελεστικού Συμβουλιού Παγκύπριας Εργατικής Ομοσπονδίας ΠΕΟ* é (Stiúrthóir Institiúid Saothair na Cipire (INEK-PEO), Comhalta de Chomhairle Feidhmiúcháin na Cónaidhme Painchipirí Saothair (PEO)), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2030,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Pavlos KALOSINATOS, arb é *Διευθυντής Ινστιτούτου Εργασίας Κύπρου ΠΕΟ, Μέλος Εκτελεστικού Συμβουλιού Παγκύπριας Εργατικής Ομοσπονδίας ΠΕΟ* é (Stiúrthóir Institiúid Saothair na Cipire (INEK-PEO), Comhalta de Chomhairle Feidhmiúcháin na Cónaidhme Painchipirí Saothair (PEO)), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2030.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/853/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2025/1911 ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2025 lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030 (IO L, 2025/1911, 22.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1911/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE